RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/269 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Nollaig 2020

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar rialacha mionsonraithe áirithe maidir le táirgeadh le haghaidh táirgí orgánacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2)(e), Airteagal 14(2)(c) agus Airteagal 15(2)(a) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dheasca ráig phaindéim COVID-19 agus na géarchéime sláinte poiblí a bhaineann léi, le Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) rinneadh dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848 a chur siar go ceann bliain amháin, mar aon le dátaí gaolmhara eile dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/848.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427 ón gCoimisiún ([3]) leasaíodh Rialachán (AE) 2018/848 a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe áirithe maidir le táirgeadh le haghaidh táirgí orgánacha. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le táirgeadh ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427 a leasú dá réir sin,

(4) Ós gá feidhm a bheith ag an Rialachán seo go práinneach, ba cheart dó teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

"Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha a mhéid a bhaineann le dáta a chur i bhfeidhm agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin, IO L 381, 13.11.2020, lch. 1.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe áirithe maidir le táirgeadh le haghaidh táirgí orgánacha (IO L 87, 23.3.2020, Lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN